



**An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt**

Department of Transport,
Tourism and Sport

Seol an t-iarratas ar cheadúnas ar ais chuig:

**An tAonad Ceadúnú Oibreora um Iompar Bóthair
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Teach Chluain Feartha, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach,
Co. na Gaillimhe**

Treoir maidir le Ceadúnú Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair

Léigh an treoir seo, le do thoil, roimh Fhoirm an Iarratais ar Cheadúnas a chomhlánú

Níl sa doiciméad seo ach treoir agus dá bhrí sin ní dhéantar iarracht ann déileáil le gach saincheist a bhaineann le d'iarratas ar Cheadúnas Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair. Ní léiriú dlíthiúil é ar an reachtaíocht iomchuí.

RÉAMHRÁ

Sa Treoir seo, gheofar faisnéis a chabhróidh leat cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gá duit Ceadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair a bheith agat, i dtaobh na dteidlíochtaí a thabharfadh ceadúnas den sórt sin duit agus i dtaobh conas cáiliú i gcomhair ceadúnais agus conas iarratas a dhéanamh ar cheadúnas. Déanann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ceadúnais a eisiúint faoi alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006 agus eisítear na ceadúnais sin ar feadh tréimhsí suas go cúig bliana. Is iad seo a leanas na príomh-mhéireanna eile reachtaíochta lena rialaítear an earnáil seo: An tAcht um Iompar ar Bhóithre 2011, Rialachán an AE Uimh. 1071/2009 agus Ionstraim Reachtuil Uimh. 697 de 2011. Tá na míreanna sin reachtaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin freisin ag www.rtol.ie. Tá liosta iomlán den reachtaíocht iomchuí ar fáil ón Roinn ach é a iarraidh.

CÉ NA DAOINE NACH MÓR DÓIBH CEADÚNAS OIBREORA UM IOMPAIR PAISINÉIRÍ BÓTHAIR A BHEITH ACU?

I gcoitinne, ní mór duit Ceadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair a bheith agat má iompraíonn tí daoine ar fruiliú nó ar luaíocht i bhfeithicil atá in ann deich nduine nó níos mó, agus an tiománaí san áireamh, a iompar.

Baineann iompar paisinéirí **“Ar Fruiliú nó ar Luaíocht”** le cásanna ina bhfaigheann tú íocaíocht i leith paisinéirí a iompar, is é sin, íocaíocht ó na paisinéirí iad féin nó íocaíocht ó thríú páirtí thar ceann an phaisinéir, mar shampla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó an Roinn Coimirce Sóisialaí nó eagraí iompair príobháideach. Más rud é nach iompar paisinéirí an príomhghnó a oibríonn tú nó más rud é nach bhfaigheann tú íocaíocht i leith paisinéirí a iompar, ní gá duit ceadúnas a bheith agat. Mar shampla, i gcás óstáin a bhfuil bus aige ina n-iompraítear a chuid aíonna, mar sheirbhís saor in aisce, chuig aerfort nó chuig ionaid turasóireachta, nó ó áiteanna den sórt sin, nó i gcás scoile a úsáideann bus chun a cuid daltaí a iompar chuig imeachtaí agus ó imeachtaí, ní bheadh gá le ceadúnas ina leith sin. Tá cineálacha eile oibríochtaí iompair paisinéirí díolmhaithe freisin agus is féidir iad sin a aimsiú sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Iompar ar Bhóithre 2011 a bhfuil cóip de le fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.rtol.ie. Téigh i gcomhairle leis an Roinn má tá aon amhras ort i dtaobh an gá duit, nó nach gá duit, ceadúnas a bheith agat (tá mionsonraí teagmhála le fáil ar leathanach 5 den Treoir seo).

D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le **Ceadúnas Bealaigh** más rud é go mbeartaíonn tú seirbhís paisinéirí a oibriú idir pointí sonraithe cinn scríbe nó feadh bealaigh shonraithe nó ar shlí eile agus muirir ar leithligh á ngearradh i leith gach paisinéara ar leith. **Ní eisiúint** an tAonad Ceadúnaithe Oibreoirí Iompair de Bhóthar ceadúnais bhealaigh. Ina ionad sin, is ceart duit teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair ag 01-8798300 nó tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.nationaltransport.ie.

CEANGLAIS MAIDIR LE CEADÚNAS OIBREORA UM IOMPAIR PAISINÉIRÍ BÓTHAIR

Ní mór d'iarratasóirí: -

- bunachas a bheith acu sa Stát
- dea-chlú a bheith acu
- inniúlacht ghairmiúil a bheith acu, agus
- seasamh cuí airgeadais a bheith acu.

Is ceanglais de chuid an AE iad na ceanglais sin agus ní mór iad a shásamh gach tráth ar feadh ré an Cheadúnais Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair. Má mhainnítear aon cheann áirithe díobh nó iad ar fad a shásamh, féadfar do Cheadúnas Oibreora, do Cheadúnas Comhphobail nó doiciméid eile a bhaineann le d'fheithicil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

Treoir maidir le comhlánú gach roinne ar leith den fhoirm iarratais

Ginearálta – líon gach cuid iomchuí den fhoirm iarratais. Úsáid BLOCLITREACHA le do thoil. Ní mór an fhaisnéis ar fad a sholáthraítear a bheith fíor agus cruinn. Tá comhairle maidir le codanna áirithe den fhoirm le fáil thíos:

Roinn 1 – An Cineál Ceadúnais atá ag teastáil

1A – Sa roinn seo, ní mór duit léiriú a thabhairt i dtaobh an Ceadúnas Náisiúnta nó Ceadúnas Idirnáisiúnta atá á iarraidh. Más rud é nach bhfuil ach Deimhniú Náisiúnta Inniúlachta Gairmiúla (DIG) ag do Bhainisteoir Iompair (BI), ansin ní féadfar ach iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Náisiúnta. Má tá DIG Idirnáisiúnta ag do BI, ansin féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Idirnáisiúnta.

Baineann gach iarratas le ceadúnais cúig bliana. Féadfar tréimhse bhailíochta níos giorra ná sin a leagan síos i gcás ina measann an tAire gur cuí sin. Déantar tréimhse bhailíochta an cheadúnais a shonrú ar an gceadúnas nuair a dheonaítear é.

Má tá Ceadúnas **NÁISIÚNTA** Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair agat tá tú i dteideal gnó iompair paisinéirí a sheoladh laistigh den Stát seo agus den Stát seo amháin.

Déantar Ceadúnas **IDIRNÁISIÚNTA** Oibreora Iompair Paisinéirí de Bhóthar a eisiúint in éineacht le “Ceadúnas Comhphobail” agus le cóip dhílis dheimhnithe den Cheadúnas Comhphobail do gach feithicil atá údaraithe ar an gceadúnas. Tugann sé teideal duit chun oibriú sa Stát seo, i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain agus laistigh de gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus idir na Ballstáit sin.

1B – Má bhí ceadúnas ag an iarratasóir roimhe seo, tabhair uimhir an cheadúnais sin anseo.

Roinn 2 – Mionsonraí an Iarratasóra

2A – Scríobh ainm an iarratasóra anseo. Seo an t-ainm a bheidh ar an gCeadúnas. **Más cuideachta an t-iarratasóir, ní mór ainm iomlán na cuideachta a úsáid, is é sin, an t-ainm atá ann i nDeimhniú Corpraithe na cuideachta.** Más é nó í an stiúrthóir, rúnaí na cuideachta etc. atá ag comhlánú na foirme, ná scríobh ainm an duine sin ós rud é go bhféadfadh sé go n-eiseofar an ceadúnas in ainm an duine sin.

2B – Cuir isteach gnáthsheoladh gnó an iarratasóra, is é sin an áit ina gcoimeádann an t-iarratasóir a phríomhdhoiciméid/príomhdhoiciméid ghnó, go háirithe doiciméid chuntasaíochta, doiciméid bhainistithe pearsanra, doiciméid ina bhfuil sonraí a bhaineann le ham tiomána agus am sosa agus aon doiciméid eile nach don Aire nó don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre rochtain a fháil orthu chun fíorú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gceanglas ceadúnaithe nó na rialacha sábháilteachta bóthair.

2C – Má tá seoladh cláraithe ar leithligh ann, is ceart é a shonrú anseo.

2D – Is ceart an phríomh-bhunáit ina mbíonn na feithiclí lonnaithe de ghnáth a shonrú anseo. Má tá roinnt bunáiteanna ann ina gcoimeádtar feithiclí, is féidir iad sin a lua ar leathanach ar leithligh a bheidh le síniú agus le dátú ag an iarratasóir agus le cur i gceangal leis an iarratas. Ní mór d'oibreoirí saoráidí dóthanacha oibriúcháin agus páirceála a bheith acu do gach ceann dá bhfeithiclí.

Roinn 3 – Mionsonraí maidir le Trádálaí Aonair, Stiúrthóirí agus daoine eile sa ghnólacht

Bí cinnte, le do thoil, go dtugtar na mionsonraí go léir do gach duine ar leith, lena n-áirítear Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus Dáta Breithe. Más rud é nach bhfuil UPSP ag aon duine ar leith, is féidir é a fháil go héasca ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirfear moill le hiarratais nach bhfuil an UPSP nó an dáta breithe luaite iontu agus d'fhéadfadh sé tarlú go ndiúltófar dóibh. Is féidir le Stiúrthóirí, Comhpháirtithe etc. Neamhchónaitheacha UPSP a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ní mór dóibh sin a dhéanamh chun críocha an iarratais seo.

- **Trádálaithe Aonair** – I gcás inar trádálaí aonair an t-iarratasóir, is ceart don duine sin na mionsonraí cuí go léir a thabhairt i roinn 3A.
- **Cuideachtaí** – I gcás inar cuideachta an t-iarratasóir, ansin tabhair na mionsonraí cuí i roinn 3A, 3B etc. maidir le rúnaí na cuideachta agus maidir le gach stiúrthóir.
- **Comharchumainn** – I gcás inar comharchumann an t-iarratasóir, ansin tabhair na mionsonraí cuí i roinn 3A, 3B etc. maidir leis an rúnaí agus maidir le gach comhalta de choiste bainistíochta.
- **Comhpháirtíochtaí** – I gcás inar comhpháirtíocht an t-iarratasóir, ansin tabhair na mionsonraí cuí i roinn 3A, 3B etc. maidir le gach comhpháirtí.

Más mó ná ceathrar an líon stiúrthóirí, comhaltaí den choiste bainistíochta nó comhpháirtithe etc. atá ann, ansin is féidir na mionsonraí a bhaineann leo a scríobh ar leathanach ar leithligh a bheidh le síniú agus le dátú ag duine díobh sin atá liostaithe faoi roinn 10 den treoir seo agus a bheidh le cur ag gabháil leis an iarratas. Más cuideachta Rúnaí an ghnólachta, ansin ní mór mionsonraí teagmhála na cuideachta sin a sholáthar. Beidh ar stiúrthóirí na cuideachta sin an ceanglas maidir le dea-chlú a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaidh an Roinn grinnfhiosrúchán ina leith.

Is é atá i gceist le “Post sa ghnólacht” ná Stiúrthóir, Trádálaí Aonair, Comhalta den Choiste Bainistíochta, Comhpháirtí etc.

Roinn 4 – Na Feithicilí a bheidh in úsáid faoin gCeadúnas

Ní mór dearbhú a dhéanamh sa roinn seo den fhoirm iarratais maidir le gach feithicil atá in ann deich bpaisinéir nó níos mó, agus an tiománaí san áireamh, a iompar agus atá le húsáid faoin gceadúnas chun paisinéirí a iompar ar fruilíú nó ar luaíocht. Ní mór ainm cuí iomlán an iarratasóra a bheith ar na doiciméid go léir a bhaineann le gach feithicil ar leith (seachas i gcás inar comhpháirtíocht an t-iarratasóir – sa chás sin, beidh ainm comhpháirtí amháin ar na doiciméid de ghnáth; nó i gcás inar feithicil léasaithe nó fruilithe atá ann). I gcás gach feithicle ar leith, ní mór an cháin a bheith íoctha ina leith, ní mór iad a bheith árachaithe chun oibriú ar fruilíú agus ar luaíocht agus ní mór deimhniú bailí calabraithe tacagraif, Ceadúnas Mórfheithicle Seirbhíse Poiblí agus deimhniú ródacmhainneachta a bheith ann ina leith.

Is cion é aon fheithicil atá in ann deich nduine nó níos mó, agus an tiománaí san áireamh, a iompar agus atá le húsáid chun paisinéirí a iompar ar fruilíú nó ar luaíocht a oibriú mura rud é go bhfuil sí údaraithe go cuí ar Cheadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair. Is é atá sa phionós uasta i gcás ciona den sórt sin ná fíneáil €500,000 agus príosúnacht ar feadh téarma 3 bliana.

Roinn 5 – Mionsonraí an Bhainisteora Iompair

Chun na ceanglais inniúlachta gairmiúla a chomhlíonadh ní mór duine amháin ar a laghad a bheith ann sa ghnó Oibreora iompair paisinéirí de bhóthar ar duine é nó í ag a bhfuil Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla in Oibríochtaí Iompair Paisinéirí de Bhóthar, ar deimhniú é lena dtugtar cáilíocht chun gníomhú mar Bhainisteoir Iompair. Is é atá i mBainisteoir Iompair ná:

- duine ag a bhfuil Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla,
- duine ag a bhfuil dea-chlú agus atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn, agus
- duine atá ainmnithe le fógra i scríbhinn chuig an Aire.

I gcás trádálaí aonair, féadfaidh an duine sin an deimhniú a shealbhú. I gcás comhpháirtíochta, féadfaidh duine de na comhpháirtithe an deimhniú a shealbhú. I gcás cuideachta, féadfaidh duine de na stiúrthóirí an deimhniú a shealbhú. I gcás comharchumainn, féadfaidh duine amháin de chomhaltaí an choiste bainistíochta an deimhniú a shealbhú. I gcás nach sealbhaíonn aon duine díobh sin thuas Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla, ní mór Bainisteoir Iompair a fhostú chun na ceanglais inniúlachta gairmiúla a chomhlíonadh.

Ní mór an Bainisteoir Iompair a bheith ar fhostú chun bainistiú leanúnach éifeachtach a dhéanamh ar oibríochtaí iompair na hoibríochta iompair paisinéirí, ní mór fíornasc a bheith ann idir é/í agus an t-oibreoir, amhail fostaí, stiúrthóir, úinéir nó scairsealbhóir de chuid an Oibreora, nó ní mór dó/di a bheith i mbun riaradh na hoibríochta nó, más duine aonair an t-oibreoir, ní mór gurb é an duine sin an Bainisteoir Iompair. Ina theannta sin, ní mór cónaí a bheith ar an mBainisteoir Iompair sa Stát. I gcás nach cónaitheoirí de chuid an Stáit iad Bainisteoirí Iompair, déanfar an t-achar ón ngnó iompair chuig a n-áit chónaithe a bhreithniú chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an féidir leo freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh.

Ceadaítear Bainisteoirí Iompair a ainmniú mar Bhainisteoir Iompair i ndáil le ceithre oibríocht iompair ar a mhéad ar choinníoll nach mó ná 50 líon iomlán na bhfeithiclí atá á mbainistiú.

Chomh maith leis sin, ceadaítear do Bhainisteoir Iompair a bheith ag gabháil d'obair eile lasmuigh den ghnó iompair nuair tá an líon feithiclí atá á mbainistiú níos lú ná 50. Beidh an méid ama a oibrítear lasmuigh den ghnólacht iompair ag brath ar an líon iomlán feithiclí atá á mbainistiú. Déanfar cásanna ina bhfuil fostaíocht lasmuigh den ghnó iompair a chinneadh ar bhonn gach cáis ar leith agus an fad uasta ama oibre atá ceadaithe faoi reachtaíocht ama oibre agus comhlíonadh cheanglais an AE á gcur san áireamh.

Déanann an Chartered Institute of Logistics and Transport scrúduithe in Inniúlacht Ghairmiúil a eagrú in Éirinn agus, chun faisnéis a fháil faoi sholáthraí cúrsaí ar fud na tíre, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht sin ag www.cilt.ie, nó ag

1 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, nó le teileafón ag (01) 676 3188 nó Lo Call 1890-25-25-99

5F agus 5G – ní mór UPSP agus dáta breithe an Bhainisteora Iompair a chur isteach anseo. Más rud é nach bhfuil UPSP ag an mBainisteoir Iompair, is féidir é a fháil go héasca ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirfear moill le hiarratais nach bhfuil an UPSP nó an dáta breithe luaite iontu agus d'fhéadfadh sé tarlú go ndiúltófar dóibh. Is féidir le Bainisteoirí Iompair Neamhchónaitheacha UPSP a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ní mór dóibh sin a dhéanamh chun críocha an iarratais seo.

5K, 5L, 5M agus 5N – I gcás Bainisteoir Iompair a bheith ina Bhainisteoir/Bainisteoir Iompair i níos mó ná oibríocht iompair amháin, nó ina mbeartaíonn sé/sí a bheith ina Bhainisteoir/Bainisteoir Iompair i níos mó ná oibríocht iompair amháin agus/nó a bheith ag gabháil d'obair eile lasmuigh den ghnó iompair, is ceart an méid sin a lua san fhoirm iarratais i gceisteanna 5K, 5L, 5M agus 5 N de réir mar is cuí.

Roinn 6 – Dea-Chlú

Ní mór don iarratasóir ar an gCeadúnas, agus do gach duine iomchuí, dearbhú a thabhairt i roinn 6 den fhoirm iarratais más rud é go ndearnadh aon chionta iomchuí (féach an liosta cionta iomchuí i **Nóta A** atá i gceangal leis seo) a thairfeadh ina aghaidh nó ina haghaidh i rith na tréimhse dá dtagraítear sa Nóta sin agus in aon dlínse. Féach anseo thíos chun sainmhíniú a fháil ar “duine iomchuí”. Tá Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána faoi iamh, in éineacht leis an bhFoirm Iarratais, agus ní mór Foirm Ghrinnfhiosrúcháin ar leithligh maidir le gach duine iomchuí ar leith a bheith i gceangal leis an iarratas. Déan cóipeanna breise den fhoirm ghrinnfhiosrúcháin, le do thoil, de réir mar is gá.

I gcás inar cuideachta nó comharchumann an t-iarratasóir, ní mór dearbhú a thabhairt i roinn 6 den fhoirm iarratais maidir le gach ciontú iomchuí ach ní gá Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú maidir leis an gcuideachta í féin nó maidir leis an gcomharchumann é féin.

Ciallaíonn “duine iomchuí”: -

- an t-iarratasóir, i gcás inar duine aonair an t-iarratasóir;
- gach duine de na comhpháirtithe, i gcás inar comhpháirtíocht an t-iarratasóir;
- rúnaí na cuideachta agus gach stiúrthóir de chuid na cuideachta, i gcás inar cuideachta an t-iarratasóir;
- an rúnaí agus gach comhalta ar leith den choiste bainistíochta, i gcás inar comharchumann an t-iarratasóir;
- an Bainisteoir Iompair, i gcás nach duine díobh sin atá luaite thuas é/í.

Is cion tromaí é aon mhainneachtain faisnéis iomlán a thabhairt maidir le dea-chlú, agus d'fhéadfadh sé tarlú go ndiúltófar don iarratas mar gheall ar mhainneachtain den sórt sin. Gach duine a mhainníonn faisnéis iomlán a thabhairt, nó a sholáthraíonn faisnéis bhréagach nó faisnéis mhithreorach, dlífear, ar é nó í a ionchúiseamh, fineáil suas go €500,000 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma suas go 3 bliana a chur air nó uirthi.

Is féidir Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a úsáid chun seiceáil nó measúnacht a dhéanamh i ndáil le dea-chlú an Oibreora nó aon duine iomchuí aon tráth le linn thréimhse bhailíochta an cheadúnais. Déanfaidh an Roinn faisnéis faoi chiontuíthe nó faoi dhea-chlú a choimeád faoi rún agus ar feadh deich mbliana ar a laghad.

Nóta maidir le Tiománaithe – De bhreis ar an méid sin thuas, más rud é go ndearnadh **tiománaí** aon fheithicle atá le húsáid sa ghnó iompair paisinéirí de bhóthar a chiontú in aon cheann de na Cionta Tromaí atá liostaithe i Nóta A, tá

oibleagáid dhlíthiúil orthu an méid sin a chur in iúl don iarratasóir nó don oibreoir agus tá oibleagáid dhlíthiúil ar an iarratasóir agus ar an oibreoir freisin aon chiontú den sórt sin a chur in iúl don Aire. Ní mór na ciontuithe a liostú ar leathanach ar leithligh agus ní mór an leathanach sin a thíolacadh in éineacht leis an iarratas.

Más rud é, aon tráth le linn ré an cheadúnais, go ndéantar aon duine iomchuí a chiontú i gcion iomchuí nó go ndéanann aon duine iomchuí sárú, ar cion nó sárú é atá liostaithe i **Nóta A**, ní mór na nithe sin a chur in iúl don Aire laistigh de mhí amháin ón tráth a tharlaíonn an ciontú nó an sárú.

Roinn 7 – Seasamh Airgeadais

Ní mór d'iarratasóir dóthain acmhainní airgeadais a bheith aige nó aici, is é sin, €9,000 ar a laghad maidir leis an gcéad fheithicil, agus €5,000 maidir le gach feithicil bhreise, atá le húdarú lena húsáid faoin gCeadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair. Ina theannta sin, ní mór Deimhniú reatha Imréitigh Cánach, arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim, a bheith ag iarratasóirí.

Chun seasamh airgeadais a thaispeáint, ní mór duit ceann amháin de na nithe seo a leanas a chur ag gabháil le d'iarratas:

- **cóip de thuarascáil chuntasóra**, agus í deimhnithe ag cuntasóir, ag iniúchóir nó ag teicneoir cuntasáíochta. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná sraith cuntais arna n-iniúchadh go hiomlán, tuarascáil iniúchára, clár comhardaithe (ráiteas faoin staid airgeadais), ráiteas sochair agus dochair (ráiteas ar ioncam cuimsitheach), ráiteas gnóthaí, nó litir nó ráiteas atá sínithe ag cuntasóir, á thaispeáint go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ag an iarratasóir. Féach Nóta B chun samplaí d'fhormáidí inghlactha i gcás tuarascálacha cuntasóra a fheiceáil.
- **ráthaíocht bhainc**, arna síniú ag bainisteoir bainc nó ag duine den chineál céanna,
- **árachas dliteanais ghairmiúil** (ó chuideachta árachais), nó
- Deimhniú de chineál éigin eile ó institiúid airgeadais, ar deimhniú é ina dtugtar "ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach" á rá go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ag an iarratasóir, is é sin, €9,000 i leith na chéad fheithicle, agus €5,000 i leith gach feithicle breise, atá le húdarú le haghaidh úsáide faoin gCeadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair.

Ní mór an seasamh airgeadais sin a bheith ag an iarratasóir é/í féin in Éirinn seachas ag gnóthas eile (lena n-áirítear máthair-eagraíochtaí) in Éirinn nó i mBallstát eile.

Roinn 8 – Táillí

Is é atá sa táille ar Cheadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair (náisiúnta nó idirnáisiúnta) ná €110.

Ní mór an táille iomlán a chur ag gabháil le gach iarratas ar leith. Íoctar an táille ar chomaoin an iarratais agus níl sí in-aisíochta más rud é nach ndéanfaítear an cheadúnas. Is féidir táillí a íoc le seic, le dréacht bainc nó le hordú poist (iníochta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt).

Roinn 9 – Na Coinníollacha a bhaineann le hIarratas a dhéanamh

Sa roinn seo, leagtar amach na príomhchoinníollacha ar fúthu a dhéantar an t-iarratas. De bhreis air sin, tagann an t-iarratas faoi réir gach ceanglais dhlíthiúil chuí de chuid reachtaíochta na hÉireann nó reachtaíochta na hEorpa lena rialaítear an tslí bheatha nó an margadh a bhaineann le hiompar paisinéirí de bhóthar nó ag a bhfuil feidhm maidir le feithicilí a úsáidtear i gcomhair iompair paisinéirí, chomh maith le teacht faoi réir bheartas cuí riaracháin an Aire i ndáil leis na nithe sin. Tar éis an cheadúnas a dheonú, beidh mionsonraí áirithe, lena n-áirítear ainm agus seoladh an Oibreora, uimhir an cheadúnais atá aige/aici, dátaí bailíochta an cheadúnais, uimhreacha clárúcháin feithicilí agus ainm an bhainisteora iompair, ar fáil go poiblí trí shaoráid chuardaigh atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.rtol.ie.

Roinn 10 – Dearbhú agus Síniú

Is ceart do dhuine díobh seo a leanas an roinn seo a chomhlánú agus a shíniú:

- an t-iarratasóir, i gcás inar duine aonair an t-iarratasóir;
- duine de na comhpháirtithe, i gcás inar comhpháirtíocht an t-iarratasóir;
- rúnaí na cuideachta nó stiúrthóir de chuid na cuideachta, i gcás inar cuideachta an t-iarratasóir;
- an rúnaí nó comhalta den choiste bainistíochta, i gcás inar comharchumann an t-iarratasóir.

Ní mór din duine a shíníonn an roinn seo a chinntiú go bhfuil na mionsonraí go léir a bhaineann leis an iarratas ceart agus go bhfuil aon fhaisnéis a thugann aon duine eile dó nó di chun críocha an iarratais ceart. I gcás ina dtugann aon duine aon fhaisnéis chun críocha an iarratais seo agus go bhfaightear amach go bhfuil an fhaisnéis sin bréagach nó míthreorach, tá cion déanta ag an duine sin agus féadfaidh an tAire imeachtaí a thionscnamh ina aghaidh nó ina haghaidh agus dlífeair fíneáil suas go €50,000 a chur air nó uirthi. I gcás ina bhfaightear amach go bhfuil aon ghné den iarratas bréagach nó míthreorach, féadfaidh an tAire diúltú an ceadúnas a dheonú agus féadfaidh sé/sí a mheas go bhfuil difear déanta, dá bharr sin, do chlú an iarratasóra agus/nó na ndaoine iomchuí.

TUILLEADH FAISNÉISE

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.rtol.ie nó ón Aonad Ceadúnú Oibreora um Iompar Bóthair ag an seoladh seo a leanas:

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Teach Chluain Fearta, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe

Teileafón Lo-call: 0761 001 601

Facs: 091-872999

Ríomhphost: rtol@dtas.ie

Láithreán Gréasáin:

www.rtol.ie

Oifig Phoiblí Ar Oscailt Luan – Aoine: 9.30 - 13.00 agus 14.00 - 17.00

CIONTA IOMCHUÍ

Ní mór aon chiontú atá liostaithe thíos, cibé acu Cionta Tromaí nó Cionta Eile, a dhearbhu i bhFoirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána seachas i gcás ina ndéantar an ciontú in aghaidh cuideachta, agus sa chás sin is ceart é a dhearbhu i roinn 6 den fhoirm iarratais. Déantar na cionta sin a bhreithniú le linn cinneadh a dhéanamh maidir le dea-chlú, agus más ciontú mar gheall ar Chion Tromaí atá i gceist breithneofar gach ciontú is cuma cén uair a tharla sé agus, i gcás a bhaineann le Cionta Eile, breithneofar ciontuithe a tharla laistigh de na deich mbliana díreach roimh an gcinneadh.

Ciallaíonn “duine iomchuí”:

- an t-iarratasóir, i gcás inar duine aonair an t-iarratasóir;
- gach duine de na comhpháirtithe, i gcás inar comhpháirtíocht an t-iarratasóir;
- an cuideachta, rúnaí na cuideachta agus aon stiúrthóir de chuid na cuideachta, i gcás inar cuideachta an t-iarratasóir;
- an comharchumann, rúnaí an chomharchumann agus aon chomhalta den choiste bainistíochta, i gcás inar comharchumann an t-iarratasóir;
- an bainisteoir iompair, i gcás nach duine díobh sin atá luaite thuas an bainisteoir iompair.

I gcás inar cuideachta nó comharchumann an t-iarratasóir, ansin ní mór aon cheann de na Cionta Tromaí nó de na Cionta Eile in aghaidh na cuideachta nó an chomharchumainn a dhearbhu i roinn 6 den fhoirm iarratais, ach ní gá Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú thar ceann na cuideachta nó an chomharchumainn. Ní athraíonn sé sin an gá le dearbhú a fháil ó gach duine iomchuí sa chuideachta nó sa chomharchumann maidir le gach ciontú ná an gá le Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a thíolacadh ina leith.

Nóta maidir le Tiománaithe – De bhreis ar an méid sin thuas, más rud é go ndearnadh **tiománaí** aon fheithicle atá le húsáid sa ghnó iompair paisinéirí de bhóthar a chiontú in aon cheann de na Cionta Tromaí atá liostaithe i Nóta A, tá oibleagáid dhlíthiúil orthu an méid sin a chur in iúl don iarratasóir nó don oibreoir agus tá oibleagáid dhlíthiúil ar an iarratasóir agus ar an Oibreoir freisin aon chiontú den sórt sin a chur in iúl don Aire. Ní mór na ciontuithe a liostú ar leathanach ar leithligh agus ní mór an leathanach sin a thíolacadh in éineacht leis an iarratas.

Cionta Tromaí

- (a) dúnmharú,
- (b) dúnorgain,
- (c) cion i leith gáinneáil ar dhrugaí (de réir bhrí alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994)
- (d) cion faoin Acht um Chionta Neamhmfharfacha in aghaidh an Duine 1997
- (e) cion faoi alt 2 den Acht im Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000
- (f) cion gnéasach (de réir bhrí alt 3 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001)
- (g) cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001
- (h) cion a bhaineann le sciúradh airgid faoi Chuid 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010
- (i) cion faoina hAchtanna Arm Tine 1925 go 2009
- (j) cion arb éard é iarracht nó comhcheilg aon chion a luaitear i *míreanna (a)* go *(j)* a dhéanamh, nó cabhrú nó neartú lena dhéanamh, nó comhairliú, sireadh, cur faoi deara nó gríosú é a dhéanamh, nó
- (k) cion faoi dhlí dlínse eile ar cion é a fhreagraíonn do chion a luaitear i *míreanna (a)* go *(j)*, i gcás inarbh ionann an t-iompar arb é an cion é faoi dhlí na dlínse eile sin, dá ndéanfaí sa Stát é, agus cion dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna sin.

Cionta Eile

Cion faoin reachtaíocht seo a leanas -

- Achtanna na gCuideachtaí de réir mar a bhaineann le cuideachta arna bunú chun slí bheatha a sheoladh mar Oibreoir tarlaithe de bhóthar nó iompair paisinéirí de bhóthar,
- na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2011,
- Cuid 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (Uimh. 37 de 2009),

- an tAcht um Iompar ar Bhóithre 1933 agus aon Acht nó aon alt d'Acht atá le forléiriú nó le léamh in éineacht leis an Acht um Iompar ar Bhóithre 1933,
- an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979,
- an tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Uimh. 43 de 1998),
- na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe 1966 go 2001,
- an tAcht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1988 (Uimh. 10 de 1988),
- alt 3 den Acht Custam 1956 (Uimh. 7 de 1956),
- alt 10 den Acht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí Bia Meatacha de Bhóthar 1987 (Uimh. 20 de 1987),
- an tAcht um Iompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar 1990 (Uimh. 13 de 1990),
- alt 102 den Acht Airgeadais 1999 (Uimh. 2 de 1999),
- na hAchtanna Talmhaíochta 1931 go 1980 de réir mar a bhaineann siad le hiompar ainmhithe, feola nó táirgí talmhaíochta,
- na hAchtanna Toradh Talmhaíochta (Feoil Ur) 1930 go 1988,
- a mhéid a bhaineann sé le slí bheatha mar Oibreoir tarlaithe de bhóthar nó iompair paisinéirí de bhóthar -
 - na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005,
 - alt 77 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005),
 - an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996 (Uimh. 16 de 1996),
 - na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007,
 - an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh. 20 de 1997),
 - an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 (Uimh. 5 de 1994),
 - na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 go 2006,
 - an tAcht um Íoc Pá 1991 (Uimh. 25 de 1991),
- na hAchtanna Leasa Shóisialaigh,
- na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2010,
- an tAcht Féimheachta 1988 (Uimh. 27 de 1988),
- Cuid 3 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007),
- an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 (Uimh. 16 de 1980),
- aon rialachán arna dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972, ar rialachán é a bhaineann le hiompar earraí nó paisinéirí de bhóthar,
- dlí atá i bhfeidhm i mBallstát, seachas an Stát, agus a fhreagraíonn d'aon cheann de na cionta sin roimhe seo i gcás inarb ionann an t-iompar arb é an cion é faoi dhlí an Bhallstáit eile sin agus cion dá ndéanfaí sa Stát é.
- cion tromaí coiriúil.
- sárú tromaí ar rialacha an Chomhphobail a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
 - am tiomána agus tréimhsí sosa tiománaithe, am oibre agus suiteáil agus úsáid trealaimh taifeadta;
 - meáchain uasta agus toisí feithiclí tráchtála a úsáidtear i ndáil le trácht idirnáisiúnta;
 - cáilíocht tosaigh agus oiliúint leantach tiománaithe;
 - ródacmhainneacht feithiclí tráchtála, lena n-áirítear iniúchadh éigeantach teicniúil mótarfheithiclí;
 - rochtain ar mhargadh an tarlaithe idirnáisiúnta de bhóthar nó, de réir mar is cuí, rochtain ar mhargadh an iompair paisinéirí de bhóthar;
 - sábháilteacht le linn earraí contúirteacha a iompar de bhóthar;
 - suiteáil agus úsáid feistí teorannaithe luais i gcatagóirí áirithe feithicle;
 - ceadúnais tiomána;
 - daoine a ghlacadh isteach sa tslí bheatha;
 - iompar ainmhithe.

**OIBREOIR PAISINÉIRÍ ATÁ AG TRÁDÁIL MAR THRÁDÁLAÍ AONAIR/CHOMHPHÁIRTÍOCHT
TUARASCÁIL SHAMPLACH CHUNTASÓRA**

1. Táimid tar éis ráiteas gnóthaí amhail ar an..... (dáta) a ullmhú, gan iniúchadh a dhéanamh, ar ráiteas gnóthaí é atá bunaithe ar thaifid chuntasaíochta (“an t-iarratasóir”) a sheolann gnó ag (seoladh) agus ar fhaisnéis agus ar mhínte a soláthraíodh dúinn.

2. Le linn an tuarascáil seo a ullmhú, thugamar aird ar an ráiteas neamhniúchta gnóthaí dá dtagraítear thuas agus, go háirithe, ar na méideanna agus ar an bhfaisnéis eile atá ann sa ráiteas gnóthaí sin i leith na nithe seo a leanas:

- (i) cistí atá ar fáil, lena n-áirítear airgead tirim sa bhanc agus saoráidí rótharraingthe agus iasachta;
- (ii) sócmhainní, lena n-áirítear maoin, atá ar fail chun urrús a sholáthar;
- (iii) costais, lena n-áirítear costas ceannaigh nó íocaíocht tosaigh i leith feithiclí, áitribh, gléasra agus trealaimh; agus
- (iv) caipiteal oibre.

3. Daingnímid go dtaispeánann ráiteas neamhniúchta gnóthaí an ghnó, amhail ar an (dáta), gurb ionann na Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Iomlána agus €. ar an (dáta), agus, ar bhonn an iarratais ar cheadúnas do fheithicil/bhfeithicil, tá an tsuim sin níos mó ná €9,000 don chéad fheithicil agus €5,000 do gach feithicil bhreise atá le húdarú le haghaidh úsáide faoin gCeadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair lena mbaineann an t-iarratas.

Gnólacht Cuntasóirí:
Seoladh:
.....
.....
Síniú an *Iniúcháora/Chuntasóra:
Dáta:

** Féadfaidh iniúcháir, cuntasóir nó teicneoir cuntasaíochta a bheith i gceist anseo.*

**OIBREOIR PAISINÉIRÍ ATÁ AG TRÁDÁIL MAR CHUIDEACHTA THEORANTA
TUARASCÁIL SHAMPLACH CHUNTASÓRA**

1. Tá iniúchadh déanta againn de réir Caighdeán Cuntasaíochta ar ráitis airgeadais (“an chuideachta”), a bhfuil a hoifig chláráithe suite ag (seoladh), don bhliain/tréimhse dar chríoch (dáta).

2. Bhí ár dtuarascáil iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais sin gan agus,

NÓ

Is mar a leanas atá ár dtuarascáil iniúchta maidir leis na ráitis airgeadais sin, ar tuarascáil í a bhfuil agus ag gabháil léi:

3. Le linn an tuarascáil seo a ullmhú, thugamar aird ar an ráiteas airgeadais dá dtagraítear thuas agus, go háirithe, ar na méideanna agus ar an bhfaisnéis eile atá ann sa ráiteas airgeadais sin i leith na nithe seo a leanas:

- (i) cistí atá ar fáil, lena n-áirítear airgead tirim sa bhanc agus saoráidí rótharraingthe agus iasachta;
- (ii) sócmhainní, lena n-áirítear maoin, atá ar fail chun urrús a sholáthar;
- (iii) costais, lena n-áirítear costas ceannaigh nó íocaíocht tosaigh i leith feithiclí, áitribh, gléasra agus trealaimh; agus
- (iv) caipiteal oibre.

4. Daingnímid go dtaispeánann clár comhardaithe iniúchta na cuideachta amhail ar an (dáta) go bhfuil Caipiteal agus Cúlchistí € ann, agus, ar bhonn an cheadúnais do fheithicil/bhfeithicil, tá an tsuim sin níos mó ná €9,000 don chéad fheithicil agus €5,000 do gach feithicil bhreise atá le húdarú le haghaidh úsáide faoin gCeadúnas Oibreora um Iompair Paisinéirí Bóthair lena mbaineann iarratas na cuideachta.

Gnólacht Cuntasóirí:
Seoladh:
.....
.....
Síniú an *Iniúcháora/Chuntasóra:
Dáta:

** Féadfaidh iniúcháir, cuntasóir nó teicneoir cuntasaíochta a bheith i gceist anseo.*